


# BCI Training and Development Policy 2007

A Training and Development Policy  
for the Irish Broadcasting Industry



Broadcasting Commission of Ireland  
Coimisiún Craolacháin na hÉireann



# Contents

|                                      |   |
|--------------------------------------|---|
| <b>Introduction</b>                  | 2 |
| <b>Policy Provisions</b>             | 3 |
| Aim                                  | 3 |
| Policy Objectives                    | 3 |
| Operating Principles                 | 4 |
| Approach to Implementation of Policy | 6 |
| Policy Review                        | 6 |
| <b>Appendix 1: Policy Framework</b>  | 7 |

# Introduction

The Broadcasting Commission of Ireland (“the BCI”) acknowledges that it has an important role to play in the development of the broadcasting sector in Ireland. In pursuing this role, the Commission introduced its Training and Development Policy in 2000 which provided the basis for a number of key training and development initiatives within the broadcasting sector since that time. The role of the Policy continues to be relevant in providing the framework that enables the BCI to effectively plan, support and evaluate the continued growth of the sector, through a variety of training and development activities and approaches.

The Commission regards training and development as an important means of assisting the BCI in fulfilling its statutory remit. The promotion of a training culture within the sector, the provision of access to training, and the acquisition of new skills and qualifications are, in the Commission’s view, key to the sector’s development and the fulfilment of broadcasters’ obligations. Ultimately, such advancement is a means through which broadcasting services can respond to the interests and needs of their audiences.

In 2006, the BCI commissioned a review of its Training and Development Policy. Subsequently, the Policy was revised to reflect the outcomes of the review, changes and developments in the sector and the Commission’s experience since 2000 in the area of training and development.

This revised Policy has been developed in a way that embraces and reinforces recognised best practice in training and development, with a view to assisting the sector to develop and strengthen its training and development activities and processes. It also reflects the broader regulatory remit of the BCI, including its strategic goals and objectives.

The framework within which the Policy has been developed is set out in Appendix 1 to this document.

# Policy Provisions

## 1. Aim

The aim of this Policy is to provide the framework for training and development that enables the BCI to effectively support the growth and development of the broadcasting sector in Ireland, through a range of approaches and initiatives which are consistent with its overall statutory and regulatory remit.

## 2. Policy Objectives

- To provide the framework within which the BCI's training and development activities are developed, implemented and evaluated;
- To assist the BCI in fulfilling its statutory remit and achieving its strategic goals, including its compliance and standards goals;
- To provide the broadcasting sector with a clear understanding of the BCI's role in relation to training and development initiatives and activities;
- To contribute to the development of standards relating to people and outputs within the broadcasting sector, including the pursuance of accredited training and the continued professional development of individuals working in the sector;
- To encourage the use of a mix of training and development approaches and methodologies that respond to the variety of interests and needs in the sector;
- To provide industry networks with a framework that guides the most appropriate, effective and consistent operation of their training and development initiatives;
- To promote sustainable networks in addressing effectively the training and development needs of their stakeholders.

### 3. Operating Principles

The following *Operating Principles* of the Training and Development Policy reflect the core values of the BCI's *Strategic Plan 2004-2008*, including the *Principles of Better Regulation*, and provide guidance for the implementation of the BCI's training and development activities:

#### ■ Consultation and Responsiveness

The BCI's training and development activities are underpinned by an ongoing commitment to engaging with the broadcasting sector in response to its evolving nature and changing needs. The BCI undertakes to facilitate stakeholder participation in all aspects of its training and development roll-out and to promote openness and dialogue in its processes to ensure that activities are responsive to the needs of the industry. The Commission embraces good training and development practice which upholds the importance of ongoing engagement with stakeholders, particularly in respect of the planning of activities and the continuous assessment of needs.

The Commission acknowledges the diverse needs of stakeholders in the sector which may encompass a range of differences on an individual learner basis (such as learning styles, levels of training needed, availability for training release, etc.) or may refer to differences of ethos, practices, interests and structures that exist within the Irish broadcasting sector.

In response to the diverse needs of stakeholders, the Commission undertakes to adopt a layered approach to meet the sector's needs, building on existing channels of support, while also looking at other potential means and/or methodologies that extend the scope of the training and development function and the range of learning opportunities it supports. This principle, therefore, promotes the delivery of effective, appropriate and inclusive solutions.

#### ■ Flexibility and Consistency

The BCI acknowledges the need for both a flexible and consistent approach in relation to its training and development activities.

Flexibility allows for appropriate and timely responses to change brought about by legislative and technological developments, as well as developments in best practice in the training and development arena.

Consistency reflects the BCI's aim to be fair in the application of its training and development policy, practices, processes and procedures thereby ensuring participation by the sector.

### ■ Innovation

In the context of training and development, embracing the BCI's value of innovation allows for progress and development of the Policy and, in turn, the growth and advancement of the sector. The BCI is open to testing new approaches and adapting to new methodologies in training and development to suit the evolving and diverse needs of the sector. Where appropriate, the BCI supports the piloting of innovative solutions that further enhance the development of skills and competencies in the sector.

### ■ Diversity

The BCI recognises, and strives to cater for, the diversity of taste and interests of viewing and listening audiences in Ireland. The BCI supports and encourages the sector to respond to such tastes and interests.

This policy aims to support the broadcasting sector in responding to the diverse and changing needs and interests of audiences.

### ■ Good Practice and Continuous Improvement

The BCI strives to ensure a high standard in initiatives and in the development of opportunities that benefit and add value to the broadcasting sector. To this end, it supports and challenges the sector to apply good training and development practice and to undertake activities which enable stakeholders to gain the necessary skills and knowledge to reach their full potential. The BCI encourages the use of training and development processes which adopt a needs-led approach (such as the identification and analysis of needs, and the planning, design and delivery of tailored training solutions). The Commission also promotes an approach of continuous improvement, whereby activities are evaluated regularly and revised as appropriate.

## 4. Approach to Implementation of Policy

The general approach of the BCI in implementing the Training and Development Policy is one of facilitation and support. However, a number of key factors also underpin the Commission's approach:

### ■ Partnership

The BCI is committed to leading, supporting and enabling the sector to participate and guide its own learning and development. The Policy acknowledges that the relationships which the BCI has with a partner will vary in line with the evolution of the sector and the stage of development of the partner. The BCI adopts a flexible and supportive approach but expects that partners apply good practice in their training and development initiatives and operations.

### ■ Funding

Funding for training and development activities is recognised by the BCI as an integral part of its role in supporting the continued growth of learning and development in the Irish broadcasting sector. The BCI's approach to funding is flexible but is clearly aligned with the operating principles and objectives of this Policy. Funding priorities will reflect the current needs of the industry at a given time. The extent of the provision of hands-on support by the Commission to the sector will reflect the availability of BCI resources at any given time.

### ■ Annual Workplan

The Commission is committed to drawing up an annual plan of training and development activities. Each year, priorities will be assigned based on the statutory and regulatory remit of the BCI and the Commission's own work programmes and priorities in a given period. The plan will also reflect industry input and be responsive to changing needs of the sector. Finally, in setting priorities in the annual workplan, the Commission will be mindful of audience interests, needs and concerns, and the need to promote projects which ultimately have the potential to cater for the diverse needs and interests of various audiences.

### ■ Equality of Opportunity

The BCI supports equality of opportunity in training and development practices, policies and procedures, for those employed and active in the sector.

## 5. Policy Review

The BCI undertakes to conduct a review of this Policy, at a minimum every 3-5 years to ensure the efficiency and effectiveness in the operation of the initiatives that flow from the Policy in line with the evolution of the sector. Reviews may take place more frequently, if and when required, to reflect changes in the statutory or regulatory environment or in response to structural changes in the broadcasting sector.

# APPENDIX 1 Policy Framework

The framework within which this Policy has been developed includes the following:

- Statutory Provisions – *Radio and Television Act 1988* and *Broadcasting Act 2001*
- Draft Legislation – *General Scheme for the Broadcasting Bill 2006*
- BCI's *Strategic Plan 2004-2008*
- The BCI's Training and Development Policy 2000 and its training and development experience since that time

## 1. Statutory Provisions

Section 4 of the **Radio and Television Act 1988** sets out the functions of the Commission and provides the statutory basis upon which the Commission has developed its role in this area.

Sub-section (8) provides –

*The Commission shall have all such powers as are necessary for or incidental to the performance of its functions under this Act...*

Section 40 of the **Broadcasting Act 2001** envisages a role for the Commission in respect of community television services. It provides –

*The Commission may, on its own initiative or at the request of a community group or organisation, carry out an assessment of the needs of a community in respect of broadcasting and such an assessment shall include an ascertainment of the extent to which production facilities, training and resources are available to the community to enable the community to best serve its interests in respect of those needs.*

## 2. Draft Legislation

### General Scheme for the Broadcasting Bill 2006

Head 24 of the **General Scheme for the Broadcasting Bill 2006** proposes a number of objectives for the Broadcasting Authority of Ireland (“the BAI”), which will succeed the BCI. The Authority shall, *inter alia* –

*stimulate the provision of high quality, diverse and innovative programming by commercial, community and public service broadcasters*

and

*provide a regulatory environment that will facilitate the development of a broadcasting sector in Ireland that is responsive to audience needs.*

Head 25.2 of the *General Scheme* sets out the proposed functions of the BAI, including, inter alia, the following requirements –

- (d) *To collect and disseminate information in relation to the skills requirements of the broadcasting sector;*
- (e) *To co-operate with other bodies to promote training activities in relation to areas of skill shortages in the broadcasting sector.*

### **Broadcasting (Amendment) Bill 2006**

Section 4 of the Bill sets out additional functions for the BCI. Sub-section (5) provides –

*The Commission shall have all such powers as are necessary for or incidental to the performance of its functions under this Act including, in particular, the power to consult with the Commission for Communications Regulation as it sees fit.*

## **3. BCI Strategic Plan 2004-2008**

In its *Strategic Plan 2004-2008*, the BCI commits to the principles of Better Regulation, which provide an important backdrop for the achievement of its goals and objectives. These principles are reflected in the *Operating Principles* of this Policy.

In addition, the *Strategic Plan 2004-2008* incorporates a range of commitments in respect of its training and development activities, over the period of the Plan.

## **4. BCI Training and Development Policy 2000 and Training and Development Experience**

Many of the broad principles incorporated in the BCI's Training and Development Policy 2000 are reflected in this revised Policy.


The Commission's work in training and development within the sector since 2000, and its experience and understanding of the evolving training and development needs of the industry has also contributed to the Training and Development Policy 2007.

# Beartas BCI i leith Oiliúna agus Forbartha 2007

Beartas Oiliúna agus Forbartha don  
Earnáil Craolacháin Éireannach



Broadcasting Commission of Ireland  
Coimisiún Craolacháin na hÉireann



# Clár na n-Ábhar

|   |   |
|---|---|
| <b>Réamhrá</b>                                  | 2 |
| <b>Forálacha Beartais</b>                       | 3 |
| Cuspóir   | 3 |
| Cuspóirí Beartais                               | 3 |
| Prionsabail Oibríochta                          | 4 |
| Cur Chuige i leith Chur i bhFeidhm an Bheartais | 6 |
| Athbhreithniú Beartais                          | 6 |
| <b>Aguisín 1: Creat Beartais</b>                | 7 |

# Réamhrá

Admhaíonn Coimisiún Craolacháin na hÉireann (CCÉ) go bhfuil ról tábhachtach aige maidir le forbairt na hearnála craolacháin in Éirinn. Agus an ról sin á leanúint aige, thug an Coimisiún isteach a Bheartas Oiliúna agus Forbartha sa bhliain 2000 a rinne bonn a sholáthar do líon áirithe príomh-thionscnamh oiliúna agus forbartha laistigh den earnáil craolacháin ón am sin i leith. Tá ról an Bheartais sin fós tábhachtach maidir leis an gcreat a sholáthar a chuireann ar chumas CCÉ méadú leanúnach na hearnála a phleanáil agus a mheasúnú agus tacaíocht a thabhairt di trí réimse gníomhaíochtaí forbartha agus oiliúna agus modhanna cur chuige.

Measann an Coimisiún gur modhanna tábhachtacha iad oiliúint agus forbairt chun cabhrú le CCÉ a chuid téarmaí tagartha reachtúla a chomhlíonadh. I dtuairim an Choimisiúin, tá cur chun cinn chultúr oiliúna laistigh den earnáil, soláthar rochtana ar an oiliúint agus teacht ar scileanna agus ar cháilíochtaí nua lárnach d'fhorbairt na hearnála agus do chomhlíonadh oibligeáidí chraoltóirí. I ndeireadh na dála, tá cur ar aghaidh den chineál sin ina mhodh trínar féidir le seirbhísí craolacháin leasanna agus riachtanais a gcuid éisteacha agus lucht féachana a fhreagairt.

Sa bhliain 2006 rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a Bheartas Oiliúna agus Forbartha a choimisiúnú. Ina dhiaidh sin, rinneadh athchóiriú ar an mBeartas chun torthaí an athbhreithnithe sin, agus athruithe agus forbairtí san earnáil agus taithí an Choimisiúin i réimse na hoiliúna agus forbartha ón bhliain 2000 i leith a léiriú.

Forbraíodh an Beartas athbhreithnithe seo ar bhealach a chuimsíonn agus a thacaíonn leis na cleachtais is fearr i leith na hoiliúna agus na forbartha, agus é mar chuspóir aige cabhrú leis an earnáil a cuid gníomhaíochtaí agus a cuid próisis oiliúna agus forbartha a fhorbairt agus a neartú. Léiríonn sé chomh maith na téarmaí tagartha reachtúla níos leithne atá ag CCÉ, a chuid spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha san áireamh.

Leagtar amach an creat inar forbraíodh an Beartas in Aguisín 1 den doiciméad seo.

# Forálacha Beartais

## 1. Cuspóir

Tá sé mar chuspóir ag an mBeartas seo an creat oiliúna agus forbartha a sholáthar a chuireann ar chumas CCÉ tacaíocht éifeachtach a thabhairt do mhéadú agus d'fhorbairt na hearnála craolacháin, trí réimse de mhodhanna cur chuige agus tionscnaimh atá comhsheasmhach lena théarmaí tagartha foriomlána reachtúla agus rialacháin.

## 2. Cuspóirí Beartais

- An creat a sholáthar a dhéanann gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha CCÉ a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú laistigh de;
- Cabhrú le CCÉ a chuid téarmaí tagartha reachtúla a chomhlíonadh agus a chuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, a chuid spriocanna i leith comhlíonta agus caighdeán san áireamh;
- Tuiscint shoiléir a sholáthar don earnáil craolacháin i leith róil CCÉ maidir le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha;
- Cuidiú le forbairt na gcaighdeán a bhaineann le daoine agus le haschur laistigh den earnáil craolacháin, oiliúint chreidiúnaithe agus forbairt leanúnach phroifisiúnta do dhaoine atá ag obair san earnáil san áireamh;
- Feidhmiú mheascán de mhodhanna chur chuige agus modheolaíochta i leith oiliúna agus forbartha a spreagadh a fhreagraíonn don éagsúlacht leasanna agus riachtanais san earnáil;
- Creat a sholáthar do líonraí an tionscail a thugann treoir i leith na hoibríochta is éifeachtaí dá dtionscnaimh oiliúna agus forbartha;
- Líonraí inbhuanaithe a spreagadh maidir le haghaidh éifeachtach a thabhairt ar riachtanais oiliúna agus forbartha a gcuid páirtithe leasmhara.

### 3. Prionsabail Oibríochta

Léiríonn na *Prionsabail Oibríochta* seo a leanas den Bheartas Oiliúna agus Forbartha na croí-luachanna i *bPlean Straitéiseach CCÉ 2004-2008*, na *Prionsabail i leith Rialacháin Níos Fearr* san áireamh, agus tugann siad treoir maidir le cur i bhfeidhm ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha CCÉ:

#### ■ Comhairliúchán agus Freagrúlacht

Tá tiomantas leanúnach do dhul i bpáirt leis an earnáil craolacháin mar fhreagairt ar a nádúr éabhlóideach agus ar a riachtanais a bhíonn ag síor-athrú mar chrann taca faoi ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha CCÉ. Tugann CCÉ a ghealltanas rannpháirtíocht a pháirtithe leasmhara a éascú i leith sheachadadh gach gné dá chuid oiliúna agus forbartha agus follasacht agus caidreamh a chur chun cinn lena chinntiú go fhreagraíonn a chuid gníomhaíochtaí do riachtanais an tionscail. Cuimsíonn an Coimisiún dea-chleachtais oiliúna agus forbartha a thacaíonn leis an tábhacht a bhaineann le páirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara, ach go háirithe maidir le planáil ghníomhaíochtaí agus le measúnú leanúnach ar riachtanais.

Admhaíonn an Coimisiún riachtanais éagsúla pháirtithe leasmhara san earnáil a d'fhéadfadh réimse difríochtaí a chuimsiú ar bhonn foghlaimeora aonair (ar nós stíleanna foghlama, na leibhéil oiliúna atá riachtanach, infhaighteacht maidir le scaoileadh saor le haghaidh oiliúna, etc.) nó d'fhéadfadh go mbainfeadh sé le héagsúlachtaí éitis, cleachtas, leasanna agus struchtúr atá laistigh den earnáil craolacháin in Éirinn.

Mar fhreagairt ar riachtanais éagsúla na bpáirtithe leasmhara, geallann an Coimisiún tabhairt faoi chur chuige srathaithe le riachtanais na hearnála a fhreagairt, ag tógáil ar na bealaí tacaíochta atá ann cheana féin, agus ag breathnú chomh maith ar mhodhanna acmhainneacha eile agus/nó ar mhodheolaíochtaí a leathnaíonn scóp na feidhme oiliúna agus forbartha agus an réimse deiseanna foghlama a thacaíonn sí leo. Dá bhrí sin, cuireann an prionsabal sin réitigh éifeachtacha, oiriúnacha agus chuimseacha chun cinn.

#### ■ Solúbthacht agus Comhsheasmhacht

Admhaíonn CCÉ an riachtanas atá ann do chur chuige atá solúbtha agus comhsheasmhach maidir lena ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha.

Le solúbthacht is féidir freagairtí oiriúnacha agus tráthúla a dhéanamh ar athruithe a tharlaíonn de bharr fhorbairtí reachtúla agus teicneolaíocha, chomh maith le forbairtí sna cleachtais is fearr i réimse na hoiliúna agus na forbartha.

Léiríonn comhsheasmhacht cuspóir CCÉ a bheith cothrom agus a bheartas, a chleachtais, a phróiséis agus a nósanna imeachta oiliúna agus forbartha á gcur i bhfeidhm agus dá réir sin cinntíonn sí rannpháirtíocht na hearnála.

### ■ Nuálaíocht

I gcomhthéacs na hoiliúna agus na forbartha, agus an meas atá ag CCÉ ar an nuálaíocht tá slí ann don dul chun cinn agus d'fhorbairt an Bheartais agus, ina dhiaidh sin, do mhéadú agus do chur chun cinn na hearnála. Tá CCÉ oscailte do mhodhanna nua chur chuige a thriail agus dó féin a chur in inmhe do mhodheolaíochtaí nua oiliúna agus forbartha lena bheith in oiriúint do riachtanais éabhlóideacha agus éagsúla na hearnála. Mar is cuí, tacaíonn CCÉ le réitigh nuálacha a chur chun cinn a dhéanann feabhsú sa bhreis ar fhorbairt scileanna agus inniúlachta san earnáil.

### ■ Éagsúlacht

Aithníonn CCÉ nach ionann na hábhair spéise agus na hábhair dúile atá ag an lucht feachana agus an lucht éisteachta in Éirinn agus déanann sé a dhícheall freastal ar na héagsúlachtaí sin. Molann CCÉ don earnáil ábhair dúile agus ábhair spéise dá leithéid a fhreagairt agus tugann sé tacaíocht dó sin.

Tá sé mar chuspóir ag an mBeartas seo tacaíocht a thabhairt don earnáil craolacháin agus freagairt á tabhairt aici do riachtanais agus do spéiseanna éagsúla an lucht féachana agus éisteachta a bhíonn i gcónaí ag athrú.

### ■ Dea-chleachtas agus Feabhsú Leanúnach

Déanann CCÉ a dhícheall ard-chaighdeán a chinntiú ina thionscnaimh agus i bhforbairt deiseanna a thugann leas don earnáil craolacháin nó a chuireann luach breise leis. Chuige sin, tacaíonn sé leis an earnáil agus tugann sé a dhúshlan di dea-chleachtas oiliúna agus forbartha a chuir i bhfeidhm agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a chuireann ar chumas na bpáirtithe leasmhara na scileanna agus an t-eolas is gá a fháil lena n-acmhainn iomlán a bhaint amach. Molann CCÉ feidhm a bhaint as próiséis oiliúna agus forbartha a ghlacann cur chuige atá á thiomáint ag riachtanais (ar nós riachtanais a aithint agus anailís a dhéanamh orthu, agus pleanáil, dearadh agus seachadadh réiteach oiliúna atá curtha in oiriúint). Cuireann an Coimisiún cur chuige feabhsú leanúnach chun cinn chomh maith, trína dhéantar measúnú rialta ar ghníomhaíochtaí agus trína dhéantar athchóiriú orthu mar is oiriúnach.

## 4. Cur Chuige i leith Chur i bhFeidhm an Bheartais

Cur chuige éascú agus tacaíochta atá go hiondúil ag CCÉ. Tá líon áirithe tosca, áfach, a chuireann taca faoi chur chuige an Choimisiúin:

### ■ Comhpháirtíocht

Tá CCÉ faoi ghealltanais cinnireacht agus tacaíocht a thabhairt agus cur ar chumas na hearnála rannpháirtíocht a ghlacadh ina hoiliúint agus ina forbairt féin agus treoir a thabhairt di féin dá réir. Adhmaíonn an Beartas go n-athróidh an chomhpháirtíocht a bheidh ag CCÉ le haon pháirtí ag am áirithe ar bith de réir mar a dhéanann an earnáil éabhlóid agus de réir na céime ag a bhfuil forbairt an pháirtí. Glacann CCÉ cur chuige atá solúbtha agus a thugann tacaíocht ach bíonn sé ag súil go gcuirfidh páirtithe dea-chleachtas i bhfeidhm ina dtionscnaimh agus ina n-oibríochtaí oiliúna agus forbartha.

### ■ Maoiniú

Aithníonn CCÉ gur bun-chuid é an maoiniú do ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha ina ról tacaíochta do mhéadú na hoiliúna agus na forbartha san earnáil craolacháin in Éirinn. Tá cur chuige CCÉ solúbtha ach tá sé ailínithe go soiléir le prionsabail agus le cuspóirí an Bheartais seo. Beidh sé i gceist ag tosaíochtaí maoinithe riachtanais reatha an tionscail ag am áirithe ar bith a léiriú. Léireoidh an méid tacaíochta dhírigh a sholáthróidh an Coimisiún an méid acmhainní de chuid CCÉ atá ar fáil ag am áirithe ar bith.

### ■ Plean Oibre Bliantúil

Tá'n Coimisiún tiomanta do phlean bliantúil de ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha a dhreachtú. Gach bliain, déanfar tosaíochtaí a shannadh bunaithe ar théarmaí tagartha reachtúla agus rialacháin CCÉ agus ar chláir oibre agus ar thosaíochtaí an Choimisiúin féin in aon tréimhse áirithe. Léireoidh an plean chomh maith inchur an tionscail agus freagróidh sé do na riachtanais laistigh den earnáil atá ag athrú. Ar deireadh, agus tosaíochtaí á leagan síos sa phlean oibre bliantúil, beidh aird ag an gCoimisiún ar leasanna, ar riachtanais agus ar chúraim an lucht féachana agus an lucht éisteachta, agus ar an riachtanas atá ann tograí a chur chun cinn a fhreastalóidh ar riachtanais éagsúla agus ar ábhair éagsúla spéise an lucht féachana agus éisteachta.

### ■ Comhionannas Deiseanna

Tá CCÉ i bhfabhar chomhionannas deiseanna i gcleachtais, beartais agus nósanna imeachta oiliúna agus forbartha, dóibh siúd atá fostaithe agus gníomhach san earnáil.

## 5. Athbhreithniú Beartais

Beartaíonn CCÉ athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas seo gach 3-5 bliain, ar a laghad, le héifeacht agus críochnúlacht na dtionscnamh a éiríonn as an mBeartas a chinntiú de réir éabhlóid na hearnála. D'fhéadfadh athbhreithnithe tarlú níos minicí ná sin, más gá agus nuair is gá, chun athruithe sa timpeallacht reachtúil nó rialacháin a léiriú nó mar fhreagairt ar athruithe struchtúracha san earnáil craolacháin.

# AGUISÍN 1 Creat Beartais

Cuirtear san áireamh sa chreat inar forbraíodh an Beartas seo an méid seo a leanas:

- Forálacha reachtúla – *An tAcht Raidió agus Teilifíse 1988* agus *An tAcht Craolacháin 2001*
- Dréacht-reachtaíocht – *Scéim Ghinearálta don Bhille Craolacháin 2006*
- *Plean Straitéiseach CCÉ 2004-2006*
- Beartas CCÉ i leith Oilíuna agus Forbartha 2000 agus a thaithí i leith oilíuna agus forbartha ón am sin go dtí seo.

## 1. Forálacha Reachtúla

Leagann **Alt 4 den Acht Raidió agus Teilifíse 1988** amach feidhmeanna an Choimisiúin agus soláthraíonn sé an bonn reachtúil ar a ndearna an Coimisiún a ról sá réimse sin a fhorbairt. Forálann fo-alt (8) mar seo a leanas –

*Beidh ag an gCoimisiún na cumhachtaí sin go léir is gá le haghaidh comhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht seo...*

Beartaíonn Alt 40 den **Acht Craolacháin 2001** ról don Choimisiún maidir le seirbhísí teilifíse pobail. Forálann sé mar seo a leanas –

*The Commission may, on its own initiative or at the request of a community group or organisation, carry out an assessment of the needs of a community in respect of broadcasting and such an assessment shall include an ascertainment of the extent to which production facilities, training and resources are available to the community to enable the community to best serve its interests in respect of those needs.*

## 2. Dréacht-reachtaíocht

### Scéim ghinearálta don Bhille Craolacháin 2006

Molann Ceann 24 den **Scéim Ghinearálta don Bhille Craolacháin 2006** líon áirithe cuspóirí d'Údarás Craolacháin na hÉireann ("an BAI") a thiocfaidh i gcomharbacht ar CCÉ. Déanfaidh an tÚdarás sin, inter alia, mar seo a leanas –

*stimulate the provision of high quality, diverse and innovative programming by commercial, community and public service broadcasters*

agus

*provide a regulatory environment that will facilitate the development of a broadcasting sector in Ireland that is responsive to audience needs.*

Leagann Ceann 25.2 den *Scéim Ghinearálta* amach na feidhmeanna molta don BAI, lena n-áirítear, inter alia, na riachtanais seo a leanas –

- (d) *To collect and disseminate information in relation to the skills requirements of the broadcasting sector;*
- (e) *To co-operate with other bodies to promote training activities in relation to areas of skill shortages in the broadcasting sector.*

### **Broadcasting (Amendment) Bill 2006**

Leagan Alt 4 den Bhille feidhmeanna breise amach don CCÉ. Forálann fo-alt (5) –

*The Commission shall have all such powers as are necessary for or incidental to the performance of its functions under this Act including, in particular, the power to consult with the Commission for Communications Regulation as it sees fit.*

### **3. Plean Straitéiseach CCÉ 2004-2008**

Ina *Phlean Straitéiseach 2004-2008* tugann CCÉ gealltanas i leith na bprionsabal de Rialú Níos Fearr a thugann cúlra tábhachtach do bhaint amach a chuid spriocanna agus a chuid cuspóirí. Léirítear na prionsabail sin i *bPrionsabail Oibríochta* an Bheartais seo.

Chomh maith leis sin, déanann an *Plean Straitéiseach 2004-2008* réimse de thiomantais a chomhdhlúthú maidir lena ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha, le linn tréimhse an Phlean.

### **4. Beartas Oiliúna agus Forbartha CCÉ 2000 agus a thaithí i leith Oiliúna agus Forbartha**

Léirítear sa Bheartas athchóirithe seo go leor de na prionsabail ghinearálta atá mar chuid de Bheartas Oiliúna agus Forbartha CCÉ 2000.

Saothar an Choimisiúin ar oiliúint agus forbairt laistigh den earnáil ón bhliain 2000 i leith, agus a thaithí agus a thuiscint ar riachtanais oiliúna agus forbartha an tionscail a bhíonn ag athrú i gcónaí, chuir siad sin leis an mBeartas Oiliúna agus Forbartha 2007 chomh maith.